Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2022/0402(CNS)

28.9.2023

TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla in ábhair tuismíochta agus maidir le Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthú
(COM(2022)695 final – C9-0002/2023 – 2022/0402(CNS))

Rapóirtéir don tuairim: Robert Biedroń

PA_Legam

RÉASÚNÚ GEARR

An 8 Nollaig 2022, thíolaic an Coimisiún don Chomhairle togra le haghaidh rialachán ón gComhairle maidir le dlínse, an dlí is infheidhme, aithint cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla in ábhair tuismíochta agus maidir le Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthú (2022/0402 (CNS)). Chinn an Chomhairle an 9 Eanáir 2023 dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an togra seo (COM(2022) 695 final).

Is é is cuspóir don togra cosaint ceart bunúsach agus chearta eile an linbh in imthosca trasteorann a neartú, lena n-áirítear a cheart féiniúlachta, chun neamh-idirdhealú agus chun saol príobháideach agus saol teaghlaigh a fháil, agus chun ceart comharbais agus cothabhála i mBallstát eile, agus leas an linbh á thabhairt san áireamh mar phríomhthosaíocht.

Le haghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le haitheantas do thuismíocht chun gach críoch agus leis an easnamh atá ann faoi láthair i ndlí an Aontais a dhúnadh, tá an Coimisiún ag moladh go nglacfaí rialacha an Aontais maidir le dlínse idirnáisiúnta um thuismíocht (lena gcinntear cúirteanna an Bhallstáit ag a bhfuil inniúlacht chun cúrsaí tuismíochta a phlé, lena n-áirítear suí na tuismíochta, in imthosca trasteorann) agus an dlí is infheidhme (lena n-ainmnítear an dlí náisiúnta ar cheart feidhm a bheith leis maidir le cúrsaí tuismíochta, lena n-áirítear i ndáil le suí na tuismíochta, in imthosca trasteorann), sa chaoi go n-éascófaí ansin d'aitheantas a thabhairt i mBallstát amháin don tuismíocht a shuitear i mBallstát eile. Tá an Coimisiún ag moladh freisin go gcruthófaí Deimhniú Eorpach Tuismíochta ar féidir le leanaí (nó lena n-ionadaí dlíthiúil) a iarraidh agus a úsáid chun fianaise a sholáthar maidir lena dtuismíocht i mBallstát eile.

Agus aird á tabhairt ar na cuspóirí thuasluaite, chomh maith leis na bacainní iomadúla agus na bearnaí atá ann cheana i ndlí an Aontais, ní mór don Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne i bParlaimint na hEorpa a áirithiú go ndéanfar an t-aitheantas sin agus an comhionannas inscne a ionchorprú go leordhóthanach sa Rialachán atá le teacht.

Ba cheart go n-áiritheofaí leis an Rialachán seo go mbíonn teacht ag leanaí ar a gcearta agus go gcothaítear a stádas dlíthiúil in imthosca trasteorann gan beann ar a n-imthosca teaghlaigh agus gan idirdhealú, go háirithe, in aghaidh na mban agus lánúineacha comhghnéis, nó contrártha do leas an linbh.
Bíonn tionchar ar leith ag neamhaitheantas Ballstáit tuismíochta a shuitear i mBallstát eile ar theaghlaigh bogha ceatha (teaghlaigh LGBTIQ+) chomh maith le cineálacha eile teaghlach nach n-oireann do shamhail an teaghlaigh núicléach.

Ina theannta sin, ní mór béim a leagan gur gá do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh gaol idir tuismitheoir agus leanbh a aithint chun críocha ceadú do leanbh an ceart a theachtadh, gan bhac, le gach tuismitheoir, aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát mar a ráthaítear in Airteagal 21(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), a bhfuil a chur i bhfeidhm riachtanach chun comhionannas inscne a áirithiú.

Faoin togra ón gCoimisiún, is liosta uileghabhálach é liosta na bhforas chun aitheantas tuismíochta a dhiúltú, ina luaitear, inter alia, forais an bheartais phoiblí (*ordre public*); i ndáil leis sin, cuirfidh na cúirteanna agus údaráis inniúla eile de na Ballstáit an méid sin i bhfeidhm

chun na cearta bunúsacha agus na bunphrionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 de maidir le ceart an neamh-idirdhealaithe, a urramú, a chomhlíonadh agus a chosaint go hiomlán. Dá bhrí sin, níor cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann an eisceacht beartais phoiblí a chur i bhfeidhm chun idirdhealú a dhéanamh in aghaidh na mban agus lánúineacha comhghnéis agus, ní mór dó a bheith i gcomhréir i gcónaí le leas an linbh agus leas an linbh a chur chun cinn.

Chun Eoraip atá cothrom ó thaobh inscne de a bhaint amach agus chun deireadh a chur le neamhionannas struchtúrach, tá gá le tiomantas láidir ní hamháin ó institiúidí an Aontais, ó lucht déanta beartas agus ó ENRanna, ach ó na Ballstáit freisin.

LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, an méid seo a leanas a chur san áireamh:

Leasú 1
Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
	(4a) Ní mór beartas poiblí de réir bhrí an Rialacháin a léirmhíniú go sriantach i gcomhréir le cásdlí CBAE. Ina breithiúnas C-490/20, d'athdhearbhaigh CBAE a tuairim 'nach mór coincheap an 'beartais phoiblí', má tá sé chun údar a thabhairt le maolú ar shaoirse bhunúsach, a léirmhíniú go sriantach, ionas nach féidir le gach Ballstát a raon feidhme a chinneadh go haontaobhach gan rialú ag institiúidí an Aontais.'

Leasú 2

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(11) Díorthaíonn leanaí roinnt ceart ó thuismíocht, lena n-áirítear an ceart ar aitheantas, ainm, náisiúntacht (i gcás ina rialáiltear é le ius sanguinis), cearta coimeádta ag, agus cearta rochtana ar, a	(11) Díorthaíonn leanaí roinnt ceart ó thuismíocht, lena n-áirítear an ceart ar aitheantas, ainm, náisiúntacht (i gcás ina rialáiltear é le ius sanguinis), cearta coimeádta ag, agus cearta rochtana ar, a

dtuismitheoirí, cearta cothabhála, cearta comharbais agus an ceart go ndéanfar a dtuismitheoirí ionadaíocht dlí orthu. D'fhéadfadh neamhaitheantas i mBallstát ar thuismíocht a shuitear i mBallstát eile iarmhairtí díobhálacha tromchúiseacha a bheith aige ar chearta bunúsacha leanaí agus ar na cearta a dhíorthaíonn siad ón dlí náisiúnta. D'fhéadfadh sé teaghlaigh a spreagadh chun dlíthíocht a thosú ionas go n-aithneofaí tuismíocht a linbh i mBallstát eile, cé go mbíonn torthaí neamhchinnte ag na himeachtaí sin agus baineann am agus costas suntasach leo do theaghlaigh agus do chórais bhreithiúnacha na mBallstát araon. I ndeireadh na dála, d'fhéadfaí teaghlaigh a dhíspreagadh ó fheidhmiú a gcirt chun saorghluaiseachta ar eagla nach dtabharfaí aitheantas do thuismíocht a linbh chun críocha cearta díorthaithe ón dlí náisiúnta i mBallstát eile.

dtuismitheoirí, cearta cothabhála, cearta comharbais agus an ceart go ndéanfar a dtuismitheoirí ionadaíocht dlí orthu. D'fhéadfadh neamhaitheantas i mBallstát ar thuismíocht a shuitear i mBallstát eile iarmhairtí díobhálacha tromchúiseacha a bheith aige ar chearta bunúsacha leanaí agus ar na cearta a dhíorthaíonn siad ón dlí náisiúnta. D'fhéadfadh sé teaghlaigh a spreagadh chun dlíthíocht a thosú ionas go n-aithneofaí tuismíocht a linbh i mBallstát eile, cé go mbíonn torthaí neamhchinnte ag na himeachtaí sin agus baineann am agus costas suntasach leo do theaghlaigh agus do chórais bhreithiúnacha na mBallstát araon. I ndeireadh na dála, d'fhéadfaí teaghlaigh a dhíspreagadh ó fheidhmiú a gcirt chun saorghluaiseachta ar eagla nach dtabharfaí aitheantas do thuismíocht a linbh chun críocha cearta díorthaithe ón dlí náisiúnta i mBallstát eile. ***Trí ligean do theaghlaigh titim lasmuigh den chóras ar a bhfuil an tsochaí tógtha, déantar idirdhealú i gcoinne leanaí agus a dteaghlaigh: ní mór seasamh lena gcearta slándála agus dínite. Trína shéanadh ar roinnt teaghlach an ceart chun bheith ann, déantar dínit an duine aonair a shéanadh orthu agus tá sé ag teacht salach ar ár luachanna Eorpacha agus ar chur chun cinn an chomhionannais inscne. Bíonn tionchar ar leith ag neamhaitheantas Ballstáit tuismíochta a shuitear i mBallstát eile ar theaghlaigh bogha ceatha (teaghlaigh LGBTIQ+) chomh maith le cineálacha eile teaghlach nach n-oireann do shamhail an teaghlaigh núicléach. Is é seo go háirithe an cás nuair nach bhfuil aon nasc bitheolaíoch idir na tuismitheoirí agus an leanbh. Ba cheart go n-áiritheofaí leis an Rialachán seo go mbíonn teacht ag leanaí ar a gcearta agus go gcothaítear a stádas dlíthiúil in imthosca trasteorann gan beann ar a n-imthosca teaghlaigh agus gan idirdhealú.***

Leasú 3

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(14) De réir Airteagal 21 CFAE agus na reachtaíochta tánaistí lena mbaineann mar a léirmhínítear ag an gCúirt Bhreithiúnais é, ní féidir an urraim d'fhéiniúlacht náisiúnta Ballstáit de réir Airteagal 4(2) CFAE agus beartas poiblí Ballstáit feidhmiú mar údar chun diúltú d'aitheantas a thabhairt do ghaol idir tuismitheoir agus leanbh idir leanaí agus a dtuismitheoirí comhghnéis chun críoch fheidhmiú na gceart a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais. Ina theannta sin, chun críoch fheidhmiú na gceart sin, is féidir cruthúnas ar thuismíocht a chur i láthair trí mheán ar bith[52] . Dá bhrí sin, níl Ballstát i dteideal ceangal a chur ar dhuine na fianuithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ghabhann le cinneadh cúirte ná ionstraim bharántúil um thuismíocht, ná an Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthaítear leis an Rialachán seo a chur i láthair, i gcás ina ndéanann an duine cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais a agairt, i gcomhthéacs fheidhmiú na gceart chun saorghluaiseachta. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar dhuine roghnú an fianú ábhartha nó Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chur i láthair freisin i gcásanna den sórt sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Lena áirithiú go gcuirtear saoránaigh an Aontais agus a dteaghlach ar an eolas nach ndéantar difear do na cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais leis an Rialachán seo, ba cheart a áireamh i bhfoirmeacha na bhfianuithe agus an Deimhnithe Eorpaigh Tuismíochta atá i gceangal leis an Rialachán seo ráiteas ina sonraítear nach ndéanann an fianú ábhartha ná an Deimhniú Eorpach Tuismíochta difear do na cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais, go háirithe na cearta atá ag an leanbh sin faoi dhlí an Aontais maidir le	(14) De réir Airteagal 21 CFAE agus na reachtaíochta tánaistí lena mbaineann mar a léirmhínítear ag an gCúirt Bhreithiúnais é, ní féidir an urraim d'fhéiniúlacht náisiúnta Ballstáit de réir Airteagal 4(2) CFAE agus beartas poiblí Ballstáit feidhmiú mar údar chun diúltú d'aitheantas a thabhairt do ghaol idir tuismitheoir agus leanbh idir leanaí agus a dtuismitheoirí comhghnéis chun críoch fheidhmiú na gceart a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais. ***Ní féidir leis an diúltú dul i gcoinne leas an linbh agus ní mór cloí i gcónaí le leas an linbh. Ní féidir úsáid a bhaint as leas an linbh i gcás ar bith mar leithscéal le diúltú ar bhonn inscne na dtuismitheoirí***. Ina theannta sin, chun críoch fheidhmiú na gceart sin, is féidir cruthúnas ar thuismíocht a chur i láthair trí mheán ar bith[52] . Dá bhrí sin, níl Ballstát i dteideal ceangal a chur ar dhuine na fianuithe dá bhforáiltear sa Rialachán seo a ghabhann le cinneadh cúirte ná ionstraim bharántúil um thuismíocht, ná an Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthaítear leis an Rialachán seo a chur i láthair, i gcás ina ndéanann an duine cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais a agairt, i gcomhthéacs fheidhmiú na gceart chun saorghluaiseachta. Mar sin féin, níor cheart go gcuirfeadh sé sin cosc ar dhuine roghnú an fianú ábhartha nó Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chur i láthair freisin i gcásanna den sórt sin dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Lena áirithiú go gcuirtear saoránaigh an Aontais agus a dteaghlach ar an eolas nach ndéantar difear do na cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais leis an Rialachán seo, ba cheart a áireamh i bhfoirmeacha na bhfianuithe agus an Deimhnithe Eorpaigh Tuismíochta atá i gceangal leis an Rialachán seo ráiteas ina

saorghluaiseacht, agus, chun feidhmiú na gceart den chineál sin, féadfar cruthúnas maidir leis an ngaol idir tuismitheoir agus leanbh a chur in iúl trí mhodh ar bith.

sonraítear nach ndéanann an fianú ábhartha ná an Deimhniú Eorpach Tuismíochta difear do na cearta a dhíorthaíonn leanbh ó dhlí an Aontais, go háirithe na cearta atá ag an leanbh sin faoi dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht, agus, chun feidhmiú na gceart den chineál sin, féadfar cruthúnas maidir leis an ngaol idir tuismitheoir agus leanbh a chur in iúl trí mhodh ar bith.

[52] Breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais an 25 Iúil 2002, C-459/99, MRAX, ECLI:EU:C:2002:461, míreanna 61 agus 62, agus an 17 Feabhra 2005, C-215/03, Oulane, ECLI:EU:C:2005:95, míreanna 23 go 26.

[52] Breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais an 25 Iúil 2002, C-459/99, MRAX, ECLI:EU:C:2002:461, míreanna 61 agus 62, agus an 17 Feabhra 2005, C-215/03, Oulane, ECLI:EU:C:2005:95, míreanna 23 go 26.

Leasú 4

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 36

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(36) Chun aitheantas do chinntí cúirte agus d'ionstraimí barántúla maidir le hábhair thuismíochta, ba cheart go leagfaí síos sa Rialachán seo rialacha dlínse aonfhoirmeacha maidir le suí tuismíocht a bhfuil gné thrasteorann i gceist léi. Ba cheart go soiléireofaí sa Rialachán seo freisin an ceart atá ag leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois chun deis a fháil a dtuairimí a chur in iúl in imeachtaí a bhfuil siad faoina réir.	(36) Chun aitheantas do chinntí cúirte agus d'ionstraimí barántúla maidir le hábhair thuismíochta, ba cheart go leagfaí síos sa Rialachán seo rialacha dlínse aonfhoirmeacha maidir le suí tuismíocht a bhfuil gné thrasteorann i gceist léi. Ba cheart go soiléireofaí sa Rialachán seo freisin an ceart atá ag leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois chun deis a fháil a dtuairimí a chur in iúl in imeachtaí a bhfuil siad faoina réir***, mar a leagtar amach in Airteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh***.

Leasú 5

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 42

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(42) I gcás nach bhféadfar dlínse a shuí	(42) I gcás nach bhféadfar dlínse a shuí

bunaithe ar fhorais mhalartacha dlínse ghinearálta, ba cheart go mbeidh dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit a mbeidh an leanbh i láthair ann. Leis an riail láithreachta sin, ba cheart, go háirithe, go mbeadh cúirteanna Ballstáit in ann dlínse a fheidhmiú maidir le leanaí náisiúnta tríú tír, lena n-áirítear iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhithe cosanta idirnáisiúnta amhail leanaí dídeanaithe agus leanaí a easáitíodh go hidirnáisiúnta mar gheall ar shuaitheadh a tharlaíonn ina Stát ina bhfuil gnáthchónaí orthu.	bunaithe ar fhorais mhalartacha dlínse ghinearálta, ba cheart go mbeidh dlínse ag cúirteanna an Bhallstáit a mbeidh an leanbh i láthair ann. Leis an riail láithreachta sin, ba cheart, go háirithe, go mbeadh cúirteanna Ballstáit in ann dlínse a fheidhmiú maidir le leanaí náisiúnta tríú tír, lena n-áirítear iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta nó tairbhithe cosanta idirnáisiúnta amhail leanaí dídeanaithe agus leanaí a easáitíodh go hidirnáisiúnta ***agus íospháirtigh na gáinneála ar dhaoine*** mar gheall ar shuaitheadh a tharlaíonn ina Stát ina bhfuil gnáthchónaí orthu.

Leasú 6

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 49

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(49) Ba cheart d'imeachtaí ar shuí tuismíochta faoin Rialachán seo, mar bhunphrionsabal, foráil a dhéanamh maidir le leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois atá faoi réir na n-imeachtaí sin agus atá in ann a gcuid tuairimí féin a thabhairt, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, agus fíordheis éifeachtach á tabhairt dóibh chun a gcuid tuairimí a léiriú agus ba cheart, nuair a dhéantar measúnú ar leas an linbh, go gcuirfí béim chuí ar na tuairimí sin. Ba cheart don Rialachán seo, áfach, an cheist maidir le cé a éistfidh leis an leanbh agus conas a éistfear leis an leanbh a fhágáil le cinneadh ag an dlí náisiúnta agus nós imeachta na mBallstát. Ina theannta sin, cé go mbeidh sé fós de cheart ag an leanbh go n-éistfear leis, níor cheart go mbeadh sé ina oibleagáid dhaingean ach ba cheart é a mheas trí leas an linbh a chur san áireamh.	(49) ***I gcomhréir le hAirteagal 12 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus le hAirteagal 24(1) den Chairt, tá sé de cheart ag gach leanbh a thuairimí, a mhothúcháin agus a mhianta a chur in iúl i ngach ábhar a dhéanann difear dóibh, agus go ndéanfaí a thuairimí a chur san áireamh agus a mheas go dáiríre. Mar sin,*** ba cheart d'imeachtaí ar shuí tuismíochta faoin Rialachán seo, mar bhunphrionsabal, foráil a dhéanamh maidir le leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois atá faoi réir na n-imeachtaí sin agus atá in ann a gcuid tuairimí féin a thabhairt, i gcomhréir le cásdlí na Cúirte Breithiúnais, agus fíordheis éifeachtach á tabhairt dóibh chun a gcuid tuairimí a léiriú agus ba cheart, nuair a dhéantar measúnú ar leas an linbh, go gcuirfí béim chuí ar na tuairimí sin. Ba cheart don Rialachán seo, áfach, an cheist maidir le cé a éistfidh leis an leanbh agus conas a éistfear leis an leanbh a fhágáil le cinneadh ag an dlí náisiúnta agus nós imeachta na mBallstát. Ina theannta

	sin, cé go mbeidh sé fós de cheart ag an leanbh go n-éistfear leis, níor cheart go mbeadh sé ina oibleagáid dhaingean ach ba cheart é a mheas trí leas an linbh a chur san áireamh.

Leasú 7

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 56

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(56) Ar mhaithe le leas an phobail, ba cheart go gceadófaí do chúirteanna agus údaráis inniúla eile a bhunaíonn tuismíocht sna Ballstáit neamhaird a dhéanamh, in imthosca eisceachtúla, d'fhorálacha faoi leith de dhlí coigríche, i gcás ina mbeadh sé soiléir, maidir le cás faoi leith, nach mbeadh sé ag luí le beartas poiblí (*ordre public*) an Bhallstáit lena mbaineann forálacha den sórt sin a chur i bhfeidhm. Níor cheart do na cúirteanna ná d'údaráis inniúla eile a bheith in ann an eisceacht maidir le beartas poiblí a chur i bhfeidhm chun dlí Stáit eile a chur ar ceal, áfach, nuair a bheadh sé contrátha don Chairt é sin a dhéanamh agus, go háirithe, d'Airteagal 21 den Chairt, lena dtoirmeasctar idirdhealú.	(56) Ar mhaithe le leas an phobail, ba cheart go gceadófaí do chúirteanna agus údaráis inniúla eile a shuíonn tuismíocht sna Ballstáit neamhaird a dhéanamh, in imthosca eisceachtúla, d'fhorálacha faoi leith de dhlí coigríche, i gcás ina mbeadh sé soiléir, maidir le cás faoi leith, nach mbeadh sé ag luí le beartas poiblí (*ordre public*) an Bhallstáit lena mbaineann forálacha den sórt sin a chur i bhfeidhm. Níor cheart do na cúirteanna ná d'údaráis inniúla eile a bheith in ann an eisceacht maidir le beartas poiblí a chur i bhfeidhm chun dlí Stáit eile a chur ar ceal, áfach, nuair a bheadh sé contrátha don Chairt é sin a dhéanamh agus, go háirithe, d'Airteagal 21 den Chairt, lena dtoirmeasctar idirdhealú ***nó contrártha do leas an linbh. á chur i bhfios go láidir gur gá do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh gaol idir tuismitheoir agus leanbh a aithint chun críocha ceadú do leanbh an ceart a theachtadh, gan bhac, le gach tuismitheoir, aistriú agus cur fúthu faoi shaoirse laistigh de chríoch na mBallstát mar a ráthaítear in Airteagal 21(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), a bhfuil a chur i bhfeidhm riachtanach chun comhionannas inscne a áirithiú. Go háirithe, níor cheart d'údaráis inniúla a bheith in ann an eisceacht beartais phoiblí a chur i bhfeidhm chun idirdhealú a dhéanamh in aghaidh na mban agus***

lánúineacha comhghnéis.

Leasú 8

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 60 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
	(60a) Chun ilroinnt na gcóras dlí do theaghlaigh trasteorann a chosc, dréachtóidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, samhail de chomhaontú idirnáisiúnta, a bheadh bunaithe ar rialacha agus ar phrionsabail an Rialacháin seo agus a d'úsáidfeadh na Ballstáit chun dul i mbun caidreamh déthaobhach le tríú tíortha ina gcuirfí aitheantas frithpháirteach don tuismíocht i bhfeidhm.

Leasú 9

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 75

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(75) Agus breithniú á dhéanamh ar leas an phobail, ba cheart go gceadófaí do chúirteanna agus d'údaráis inniúla sna Ballstáit diúltú, in imthosca eisceachtúla, aitheantas a thabhairt do chinneadh cúirte nó d'ionstraim bharántúil maidir leis an tuismíocht a shuitear i mBallstát eile i gcás, i gcás ina bhfuil sé soiléir maidir le cás faoi leith, nach mbeadh sé ag luí le beartas poiblí (*ordre public*) an Bhallstáit lena mbaineann forálacha den sórt sin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, níor cheart go mbeadh na cúirteanna ná údaráis inniúla eile in ann diúltú cinneadh cúirte ná d'ionstraim bharántúil arna n-eisiúint i mBallstát eile a aithint nó, de réir mar a bheidh, glacadh leo, nuair a bheadh sé sin contrártha don Chairt agus, go háirithe, le	(75) Agus breithniú á dhéanamh ar leas an phobail, ba cheart go gceadófaí do chúirteanna agus d'údaráis inniúla sna Ballstáit diúltú, in imthosca eisceachtúla, aitheantas a thabhairt do chinneadh cúirte nó d'ionstraim bharántúil maidir leis an tuismíocht a shuitear i mBallstát eile i gcás, i gcás ina bhfuil sé soiléir maidir le cás faoi leith, nach mbeadh sé ag luí le beartas poiblí (*ordre public*) an Bhallstáit lena mbaineann forálacha den sórt sin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, níor cheart go mbeadh na cúirteanna ná údaráis inniúla eile in ann diúltú cinneadh cúirte ná d'ionstraim bharántúil arna n-eisiúint i mBallstát eile a aithint nó, de réir mar a bheidh, glacadh leo, nuair a bheadh sé sin contrártha don Chairt agus, go háirithe, le

hAirteagal 21 di, lena dtoirmisctear idirdhealú.	hAirteagal 21 di, lena dtoirmisctear idirdhealú***, go háirithe in aghaidh na mban agus lánúineacha comhghnéis, nó contrártha do leas an linbh.***

Leasú 10

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 99 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
	(99a) á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an easpa aitheantais tuismitheora iarmhairtí díobhálacha a áirithiú do leanaí laistigh de theaghlaigh ina n-éagsúlacht uile, amhail a gcomharbas ceart a bhaint díobh, nó a gceart go mbeadh aon duine dá dtuismitheoirí in ann gníomhú mar ionadaí dlíthiúil dóibh in ábhair amhail cóir leighis, cúram leanaí agus oideachas.

Leasú 11

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 99 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
	(99b) á chur i bhfios go láidir gur minic a bhíonn ualach ar roinnt cineálacha teaghlach maidir le gaol teaghlaigh a shuí trí chórais chúirte agus na costais dhlíthiúla a bhaineann le próiseas den sórt sin. De bhrí go laghdóidh deimhneacht dhlíthiúil maidir le haitheantas na hábhair imní agus na fadhbanna tromchúiseacha a bhíonn ag roinnt teaghlach agus iad ag taisteal nó ag bogadh san Aontas Eorpach.

Leasú 12

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 1 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchoiteanna maidir le dlínse agus an dlí is infheidhme chun tuismíocht a shuí in imthosca trasteorann; rialacha comhchoiteanna maidir le haitheantas a thabhairt do chinntí cúirte nó d'ionstraimí barántúla maidir le tuismíocht arna dtarraingt suas nó arna gclárú i dtríú Stát, ná do ghlacadh na gcinntí nó na n-ionstraimí sin de réir mar a bheidh; agus cruthaítear Deimhniú Eorpach Tuismíochta.	Leagtar síos leis an Rialachán seo rialacha comhchoiteanna maidir le dlínse agus an dlí is infheidhme chun tuismíocht a shuí in imthosca trasteorann; rialacha comhchoiteanna maidir le haitheantas a thabhairt do chinntí cúirte nó d'ionstraimí barántúla maidir le tuismíocht arna dtarraingt suas nó arna gclárú i dtríú Stát, ná do ghlacadh na gcinntí nó na n-ionstraimí sin de réir mar a bheidh; agus cruthaítear Deimhniú Eorpach Tuismíochta. ***Beidh feidhm ag na rialacha sin gan dochar do nádúr nó do chineál teaghlaigh nó do chásanna uchtála, arna suí i mBallstát, ag tuismitheoir amháin nó ag an mbeirt tuismitheoirí.***

Leasú 13

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
1. ciallaíonn 'tuismíocht' an gaol ***idir tuismitheoir agus leanbh*** arna shuí faoin dlí. Áirítear ann stádas dlíthiúil a bhaineann le bheith mar leanbh ag tuismitheoir nó tuismitheoirí áirithe;	1. ciallaíonn 'tuismíocht' an gaol ***idir leanbh agus tuismitheoir*** arna shuí faoin dlí. Áirítear ann stádas dlíthiúil a bhaineann le bheith mar leanbh ag tuismitheoir nó tuismitheoirí áirithe; *(Tá feidhm ag an leasú seo, 'tuismitheoir agus leanbh' go 'leanbh agus tuismitheoir', ar fud an téacs. Má ghlactar leis, beidh gá le hathruithe comhfhreagracha tríd síos.)*

Réasúnú

Is é is aidhm don Rialachán cearta an linbh a choimirciú toisc go bhfuil tuismitheoir ag an leanbh agus go bhfuil an tuismíocht suite sa dlí. Is é is aidhm don leasú seo an cur chuige leanbhlárnach sin a léiriú ar bhealach níos fearr.

Leasú 14

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
	2a. Beidh feidhm ag na rialacha sin gan dochar do nádúr nó do chineál teaghlaigh nó do chásanna uchtála, arna suí i mBallstát, ag tuismitheoir amháin nó ag an mbeirt tuismitheoirí.

Leasú 15

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
2. Cuirfidh na cúirteanna agus údaráis inniúla eile de na Ballstáit mír 1 i bhfeidhm chun na cearta bunúsacha agus na bunphrionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 de maidir le ceart an neamh-idirdhealaithe, a ***chomhlíonadh***.	2. Cuirfidh na cúirteanna ***neamhspleácha*** agus údaráis inniúla eile de na Ballstáit mír 1 i bhfeidhm chun na cearta bunúsacha agus na bunphrionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 de maidir le ceart an neamh-idirdhealaithe, ***a urramú, a chomhlíonadh agus a chosaint go hiomlán, agus ní fhéadfar, i gcás ar bith, a úsáid mar leithscéal chun idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar inscne tuismitheoirí. Ní féidir leis an diúltú dul i gcoinne leas an linbh agus ní mór cloí i gcónaí le leas an linbh.***

Leasú 16

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 31 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(a) má tá aitheantas den sórt sin go follasach in aghaidh bheartas poiblí an Bhallstáit ina ndéantar an t-aitheantas a agairt, agus leas an linbh á thabhairt san áireamh;	(a) má tá aitheantas den sórt sin go follasach in aghaidh bheartas poiblí an Bhallstáit ina ndéantar an t-aitheantas a agairt, agus leas an linbh á thabhairt san áireamh ***agus á chosaint i gcónaí***;

Leasú 17

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 39 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(a) má tá aitheantas den sórt sin go follasach in aghaidh bheartas poiblí an Bhallstáit ina ndéantar an t-aitheantas a agairt, agus leas an linbh á thabhairt san áireamh;	(a) má tá aitheantas den sórt sin go follasach in aghaidh bheartas poiblí an Bhallstáit ina ndéantar an t-aitheantas a agairt, agus leas an linbh á thabhairt san áireamh ***agus á chosaint i gcónaí***; ***Ní féidir úsáid a bhaint as leas an linbh i gcás ar bith mar leithscéal le diúltú ar bhonn inscne na dtuismitheoirí.***

Leasú 18

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 45 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
2. Cuirfidh na cúirteanna agus údaráis inniúla eile de na Ballstáit an beartas poiblí (*ordre public*) dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm chun na cearta bunúsacha agus na bunphrionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 di maidir le ceart an neamh-idirdhealaithe, ***a chomhlíonadh***.	2. Cuirfidh na cúirteanna agus údaráis inniúla eile de na Ballstáit an beartas poiblí (*ordre public*) dá dtagraítear i mír 1 i bhfeidhm chun na cearta bunúsacha agus na bunphrionsabail a leagtar síos sa Chairt, go háirithe Airteagal 21 di maidir le ceart an neamh-idirdhealaithe, ***a urramú, a chomhlíonadh agus a chosaint go hiomlán, agus, dá bhrí sin, urramófar cearta na mban agus lánúineacha comhghnéis. Ní mór don mhéid sin a bheith i gcomhréir i gcónaí le leas an linbh agus leas an linbh a chur chun cinn.***

Leasú 19

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 49 – mír 3 – pointe h a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*

	(ha) beidh an deimhniú ar fáil i dteangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh agus i mBraille agus beidh sé inscne-chuimsitheach chomh maith.

Leasú 20

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 70 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
1. Faoi [***5*** bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, lena n-áirítear meastóireacht ar aon fhadhbanna praiticiúla a thagann chun cinn agus faisnéis a sholáthróidh na Ballstáit mar thaca leo. I gcás inar gá, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil.	1. Faoi [***3*** bliana ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo], déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, lena n-áirítear meastóireacht ar aon fhadhbanna praiticiúla a thagann chun cinn agus faisnéis a sholáthróidh na Ballstáit mar thaca leo. I gcás inar gá, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil.

Leasú 21

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 70 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiúsn	*Leasú*
(a) líon na n-iarratas ar aithint cinnidh cúirte a dhiúltú nó ar ionstraimí barántúla lena suitear tuismíocht le héifeacht dhlíthiúil cheangailteach sa Bhallstát tionscnaimh de bhun Airteagal 32, agus líon na gcásanna inar deonaíodh diúltú aitheanta;	(a) líon na n-iarratas ar aithint cinnidh cúirte a dhiúltú nó ar ionstraimí barántúla lena suitear tuismíocht le héifeacht dhlíthiúil cheangailteach sa Bhallstát tionscnaimh de bhun Airteagal 32, agus líon na gcásanna inar deonaíodh diúltú aitheanta***, chomh maith leis na forais arna ndeonaíodh iarratas ar dhiúltú aitheantas a thabhairt, mar a leagtar amach sna forálacha in Airteagal 31 den Rialachán sin***;

NÓS IMEACHTA - AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

Teideal	Dlínse, an dlí is infheidhme, aithint cinntí agus glacadh le hionstraimí barántúla in ábhair tuismíochta agus maidir le Deimhniú Eorpach Tuismíochta a chruthú
Tagairtí	COM(2022)0695 – C9-0002/2023 – 2022/0402(CNS)
Coiste freagrach Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	JURI 16.1.2023
Tuairim ó Dáta a fógraíodh sa seisiún iomlánach	FEMM 16.1.2023
Rapóirtéir don tuairim Dáta an cheapacháin	Robert Biedroń 19.9.2023
An rapóirtéir don tuairim a bhí ann roimhe seo	Margarita de la Pisa Carrión
Pléite sa choiste	26.6.2023 19.7.2023
Dáta a ghlactha	19.9.2023
Toradh na vótála críochnaithí	+: 26 –: 6 0: 0
Na comhaltaí a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Isabella Adinolfi, Christine Anderson, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Annika Bruna, Maria da Graça Carvalho, Margarita de la Pisa Carrión, Gwendoline Delbos-Corfield, Rosa Estaràs Ferragut, Lina Gálvez Muñoz, Lívia Járóka, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Karen Melchior, Johan Nissinen, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Pina Picierno, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Maria Veronica Rossi, Christine Schneider, Sylwia Spurek
Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach	Abir Al-Sahlani, Silvia Modig, Eleni Stavrou, Hilde Vautmans
Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair don vótáil chríochnaitheach	Laura Ballarín Cereza, Martin Hojsík

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

26	+
PPE	Isabella Adinolfi, Maria da Graça Carvalho, Rosa Estaràs Ferragut, Arba Kokalari, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Christine Schneider, Eleni Stavrou
Renew	Abir Al-Sahlani, Martin Hojsík, Karen Melchior, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans
S&D	Laura Ballarín Cereza, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Lina Gálvez Muñoz, Maria Noichl, Carina Ohlsson, Pina Picierno, Evelyn Regner
The Left	Silvia Modig, Eugenia Rodríguez Palop
Verts/ALE	Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek

6	-
ECR	Johan Nissinen, Margarita de la Pisa Carrión
ID	Christine Anderson, Annika Bruna, Maria Veronica Rossi
NI	Lívia Járóka

0	0

Eochair do na siombailí a úsáidtear:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh